

# ❖ An Lúibín ❖

31 Lúnasa 2013

## Atlas an Drochshaoil

Thug Michael Murphy, UCC, caint ar an *Atlas of the Great Irish Famine* ar 27 Lúnasa 2013 ag seimineár Léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne: 'Mapping the Great Irish Famine'.

### *Atlas of the Great Irish Famine*

John Crowley, William J. Smyth, Mike Murphy a chuir in eagar.

Geography Department, University College Cork 2012

ISBN 9781859184790

Tá Mike (scoláire a bhfuil tuin láidir Chorcaíoch air) ar eagarthoirí an leabhair is tábhachtaí a scríobhadh faoin Drochshaoil le fada an lá. Tá os cionn 150 ríomhléarscáil pharóistí ann a léiríonn laghdú an daonra, claochlú sóisialta agus téamaí eile; ina theannta sin, baintear úsáid as filíocht, léaraídí agus cuntais chomhaimseartha ar an scéal. Tá cás-staidéir ann ar imircigh i Learpholl, i nGlaschú, i Nua Eabhrac agus in Toronto. Tá eolas le fáil ann ar gach cúige agus a lán cás-staidéar ag baint leo, agus cuirtear an Drochshaoil i gcomórtas le gortaí eile ar fud an domhain. Tá ailt ann ó láimh scoláirí atá oilte ar na healaíona, ar an mbéaloideas, ar an tíreolaíocht, an stair, an ailteoireacht agus an litríocht, ar an nGaeilge agus ar an mBéarla. Ní raibh súil ag aon duine, a dúirt Mike, go dtógfadh sé chomh fada sin orthu an leabhar a chur amach. Bhí meall mór sonraí le bailiú agus le scagadh acu, agus ní fhéadfaidís é a dhéanamh gan na ríomhchláir a cumadh d'aonghnó chuige. Ach bhí an leabhar lasta: díoladh 17,000 cóip de in Éirinn amháin.

Chuir Michael síos ar dtús ar chuid de na suirbhéanna a rinneadh in Éirinn ó aimsir Chromail i leith: an *Down Survey* a rinne William Petty, eolaí agus rógaire, idir na blianta 1656 agus 1658, leis an triantánú; an *Irish Survey* a rinneadh sa bhliain 1824 (6" i leith míle, nó 1:10560). Ní féidir atlas a dhéanamh gan eolas den sórt sin, agus chun ciall a bhaint as an Drochshaoil bhí orthu ceantair na hÉireann, idir bheag agus mhór, a chur i gcomórtas le sonraí ó Dhaonáireamh na bliana 1851. Taispeánadh nach san iarthar a bhí an tiús daonra ba mhó ach in oirdheisceart Uladh; ach san iarthar ba dhéine a bhí an Drochshaoil ós ann a bhí na botháin ba bhoichte. (Dúirt Michael nach raibh an gorta chomh dona sin i nDún na nGall, cuma cad a déarfadh muintir na háite.)

Ó Mheiriceá aniar a tháinig an fungas a mhill na prátaí agus é á iompar ag na longa. Ba mheasa an scéal in Éirinn ná in áit ar bith eile. Thosaigh na mílte ag fágáil na tíre, cuid acu ag dul dtí an Bhreatain sna galtáin (áis nua), cuid ag dul go dtí Meiriceá, fíorbheagán agus a n-aghaidh ar an Astráil acu. Ar dtús cuireadh na bochtáin ag déanamh bóithre, ansin cuireadh 'outdoor relief' ar fáil (bhí breis is trí mhilliún duine á fháil). Ba léir go raibh Michael sáite san obair: é fuarchúiseach, dícheallach mar thaighdeoir ach racht le cur de aige freisin. (Thug sé 'coir' ar iompar Charles Trevelyan, an t-ardfheidhmeannach a chuir deireadh le cabhair rialtais nuair ba mhó a bhí gá léi.)

Rinne Michael tagairt do ghorta tubaisteach na mblianta 1740-41, ceann ba mheasa ar bhealaí éigin ná an Drochshaoil féin (féach *An Lúibín*, 20/8/13). Níl a oiread eolais againn ar an ngorta sin, áfach, is atá againn ar an ngorta 'mór'.

Bhí an leabhar ar fáil faoi chlúdach cruu agus A\$70 air. Feicimid an fiú le leabharlann mhór na hollscoile cóip de a cheannach.



## Cartagrafaihte

Ní gá anseo mórán a chur lena bhfuil ráite faoin léarscáiliú mar uirlis choilíneachais. Thugann cartagrafaihte Eilíseacha agus Seacaibíteacha in Éirinn léargas ar an scéal: an tír á tomhas, á hathshamhlú, á máistriú le híomhánna, lena sealbhú de réir staire nua. An t-am féin ina stad ag pointe áirithe agus curtha ar siúl arís ó bhliain an reachta úir. Cé go dtagann na léarscáileanna seo as achran beo bíonn cuma iontach socair orthu - coillte agus lochanna, sléibhte agus portaigh, caisleáin, crannóga, mainistreacha, na botháin féin, báid agus longa. Seo dreach draíochtach na tíre, é caomhnaithe go deo ar phár. Cuimhne agus cuspóir.

I measc na gcartagrafaihte úd faighimid Francis Jobson agus Richard Bartlett. Chonaic siad concas na hÉireann; ach tá imní ag corraí faoi chraiceann a saothair. Níorbh fhéidir léarscáiliú a dhéanamh gan suirbhéireacht a dhéanamh roimh ré, agus chun é siúd a dhéanamh b'éigean dul i ngleic le pobal beo.

Bhí dhá limistéar oibre ag Jobson: Cúige Mumhan agus Cúige Uladh. I ndiaidh an éirí amach dheireanaigh i nDeasmhumhain (1579-1583) bhí éileamh ar scileanna Jobson: b'éigean tailte coigistithe Iarla Dheasmhumhan a thomhas agus cuireadh coimisinéirí i mbun na hoibre chun go bhféadfaí plandáil a dhéanamh. Bhí Jobson ar an gceathrar (ba iad Robins, Lawson agus Whiteacre na fir eile) a ceapadh chun suirbhéireacht a dhéanamh, agus as sin a tháinig an léarscáil is iomráití a rinne Jobson riamh: 'The Provence of Munster' (1589). Ar imeall na léarscáile tá litir a scríobh Jobson chun William Cecil, 1ú Barún Burghley, á rá go raibh isteach is amach le trí bliana caite aige ag déanamh suirbhéireachta.

Bhí gá lena leithéidí arís sa tuaisceart. Ba é Charles Blount, 8ú Barún Mountjoy agus Ard-Ghiúistís na hÉireann, an ceannasaí ba mhó rath a bhí ag Eilís in Éirinn, agus sa bhliain 1601 d'éirigh leis greim a fháil ar Chúige Uladh, rud a chuidigh go mór leis an gconcas Eilíseach (ghéill Aodh Ó Néill sa bhliain 1603). I bhfocail Annála Ríochta Éireann:

Sluaicheadh la h-ard Iustis na h-Ereann Lord Mountjoy h-i mí Iun do dhul i n-Ulltoibh. Ní h-aithrister a imthechta co rainic co Bealach an Mhaighre. No bhíodh cosnamh & coimhett do ghnath o Ua Neill an dú sin. Ro machtaitt & ro mudhaighit daoine iomdha, & ro fácbhadh sochaidhe d'échtoibh Gall & Gaoidhel i t-timchell an bhealaigh sin etir Ua Néill, & Goill go minic go f-fuair an Iustis faill & elang na huair sin fair (an ní rob' annamh lais) go m-baoí ciumhsa & certlár an bhealaigh for a chumas don chur sin.

*Slógadh le h-Ard-Ghiúistís na hÉireann Lord Mountjoy i Mí na Bealtaine chun dul i gCúige Uladh. Ní aithrister a imeachtaí go ráinig sé go Bealach an Mhaighre. Nó bhíodh cosaint agus coimbéad de ghnáth ag Ó Néill san áit sin. Maraíodh agus milleadh mórán daoine agus fágadh sochaí d'éachtaibh Gall agus Gaeil timpeall an bhealaigh sin idir Ó Néill agus Gaill go minic go bhfuair an Giúistís faill agus éalang na huair sin air (ní ab annamh leis) go raibh ciumhaiseanna agus ceartlár an bhealaigh ar a chumas den chor sin.*

Sa bhliain 1609 foilsíodh plean i Sasana chun na tailte Éireannacha a roinnt, ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh gan suirbhéireacht a léireodh na gabháiltais Ghaelacha go cruinn. I bhfocail an Ard-Aighne Sir John Davies: 'These surveyors, being returned to the camp, out of their notes drew up cards or maps wherein every ballibo [baile bó] is named and placed in his proper situation'. Níor mhór an fháilte a bhí roimh leithéidí Jobson i measc na nGael - 'a most savage and rebellious people' mar a scríobh Jobson, 'from whose cruelty God only by his divine power delivered me being every hour in danger to lose my head'. D'éirigh go maith leis, mar sin féin: dá chomhartha sin féach an léarscáil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a dtugtar 'The provence of Ulster' (1590) uirthi.

Ní ar Jobson is mó atá clú, áfach, ach ar Richard Bartlett. Is beag eolas atá againn ar a shaol: meastar gur in Norfolk in East Anglia a rugadh é, agus chaith sé tamall sa Spáinn. Mar áiseanna míleata a rinne sé an chuid is mó de na léarscáileanna agus eile a tháinig óna lámh: is minic dúnfoirt agus caisleáin le fáil iontu, mar bhí sé ag leanúint fheachtas Mountjoy, agus chuaigh sé ó dheas chun léarscáil a dhéanamh d'imshuí Chionn tSáile. I nGaeilge atá 80% dá chuid téarmaíochta. Sholáthair sé idir naoi saothair déag ar a laghad.

An Iustis tra baí-sidhe co na shloghaibh, & Spainnigh Chinn t-Saile ag caitheamh & acc coimhdhiubhraccadh aroile isin ced mí do gheimhreadh go ro comhairléicc an bhainrioghain & an chomhairle d'iarla Tuadhmunhan tocht go n-iomat long & laoidheng, go n-daoinibh, & go n-degh-armáil, & go lón lais do cabhair & do comhfhurtacht muintire an prionnsa i n-Erinn. (Annála Ríochta Éireann)

*Bhí an Gúúistís gona shluaite agus Spáinnigh Chionn tSáile ag caitheamb agus comhdhiúracadh lena chéile sa chéad mbí de gheimbreadh gur chombairligh an Bhainríon agus an chombairle d'Iarla Thuambuambn teacht le mórán long, soithí, daoine, dea-armáil agus lón chun cabhair agus combhfhortacht a thabhairt do mhuintir an Phrionsa (i.e. Eilís) in Éirinn.*

Is ann, i ndeireadh na dála, gur buadh ar Ó Néill agus ar a chairde.

Sa tuaisceart a fuair Bartlett bás: mar a dúirt Davies, 'when he came to Tyrconnell the inhabitants took off his head, because they would not have their country discovered'. Ní fios cár cuireadh é, ach d'fhág sé áilleacht éigin ina dhiaidh.

*Mionghné de léarscáil de Chúige Uladh a rinne Richard Bartlett sa bhliain 1602: crannóg i loch agus í á cosaint; tithe, coillte agus ráth; dúnfort Sasanach; cathaoir an taoisigh.*



Ó Wikipedia/Vicipéid: féach [http://ga.wikipedia.org/wiki/Richard\\_Bartlett\\_\(cartagrafa%C3%AD\)](http://ga.wikipedia.org/wiki/Richard_Bartlett_(cartagrafa%C3%AD)).

\* Andrews, J.H. (2009). *The queen's last map-maker: Richard Bartlett in Ireland, 1600–3*. Geography Publications. ISBN 978-0906602-430

\* Introduction to the Desmond Surveys: <http://www.ucc.ie/celt/published/E580000-001/text004.html>

\* Dr Jonathan Bardon: *A Narrow Sea* – Episode 22, 'Making Ulster Visible': <http://www.bbc.co.uk/ulsterscots/library/a-narrow-sea-episode-22>

\* Irish maps c.1558-c.1610: <http://www.nationalarchives.gov.uk/records/irish-maps-state-papers.htm>

\* Map of the Ulster counties by Francis Jobson, with the names of the principal proprietors:

<http://www.europeana.eu/portal/record/9200135/69944FCE104B1D698405C0F1EE771D23C51E079B.html>.

\* 'The provence of Ulster,' Francis Jobson (1590), TCD MS 1209/15, Bunachar Logainmneacha na hÉireann: <http://www.logainm.ie/eolas/Data/TCD/tcd-ulster.jpg>



## Foclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge

Cuirtear an cheist ó am go chéile: cá bhfuil macasamhail an Oxford English Dictionary (an leagan iomlán) i nGaeilge? An freagra: níl sí ann. Ach beidh: is fada Foclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge ar na bacáin agus é ag dul chomh siar leis an mbliain 1600.

Chun foclóir a dhéanamh caithfear na t-ábhar a chruinniú, téacsanna de gach saghas, cuid díobh foilsithe agus cuid eile gan foilsíú. Corpas na Gaeilge a thugtar air seo, agus foilsíodh Corpas na mblianta 1600-1882 i 2004. Is féidir na téacsanna úd a fháil ar líne, agus is díol spéise iad don scoláire agus don ghnáthléitheoir araon. Mar a deir foireann an Fhoclóra: 'Is ionann téacs a íoslódáil ón suíomh seo agus a admháil nach mbeidh FNG freagrach as úsáid an téacs ina dhiaidh sin'. Tugann an fhoireann dá n-aire nach sárófaí cóipcheart sa chartlann.

Féach <http://www.ria.ie/research/focloir-na-nua-ghaeilge.aspx>.



## Máire Ní Chinnéide

Is beag aird tugadh riamh ar scríbhneoirí mná na hAthbheochana. Cuimhnítear ar an bPíarsach agus ar Ó Conaire; ní chuimhnítear ar Mháire Ní Chinnéide, drámadóir agus gearscéalaí, agus a leithéidí eile. D'fhoilsigh Ríona Nic Congáil páipéar ar an ábhar seo sa bhliain 2009: mar a deir sí, mholtaí leithéidí Mháire as an dúthracht a bhíodh iontu ag cur na Gaeilge chun cinn, ach ba mhinic na léirmheastóirí (arbh fhir go léir iad) neamshuimiúil ina saothar. Anois féin, is dócha, is iomaí criticeoir a thiofadh le hAisling Ní Dhonnchadha ('An Bhantracht Ghaelach' 1981) nuair a deir sí gur thug cuid den na mná seo faoin 'litríocht' cé nach raibh mianach na fíoréigse ná féith na fíorlitríochta le sonrú ar a saothair.<sup>1</sup> Déarfadh Nic Congáil nach mbaineann sin le hábhar: is mó an tsuim atá aici iontu mar náisiúnaigh chultúrtha i measc na mban agus iad i mbun leasú sóisialta agus oideachasúil.

Rugadh Máire i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1878. Fuair sí a cuid scolaíochta ó na Doimnicigh, sa Charraig Dhubh ar dtús agus ansin in Ardscoil Mhuire, coláiste i gCearnóg Muirfean do mhná a raibh fonn orthu céim a fháil ón Ollscoil Ríoga. Bhain sí amach BA sa Nua-Litríocht sa bhliain 1900, agus ise a fuair an chéad scoláireacht a thug an Ollscoil Ríoga sa 'Cheiltis'. Ón mbliain 1903 amach bhí sí ina hOllamh le Gaeilge in Ardscoil Mhuire i nDomhnach Broc. Ní raibh Gaeilge ar fáil mar ábhar ollscoile ag diograiseoirí meánaicmeacha mná go dtí an bhliain 1897; níor cuireadh cúrsa Gaeilge ar bun in Ardscoil Mhuire go dtí gur chuir Úna Ní Fhaircheallaigh brú ar na húdaráis. Bhí Máire ar an mbeagán a d'fhreastail air, rud a lig di aithne a chur ar Eoin Ó Néill; eisean a thug isteach i gConradh na Gaeilge í.

Bhí sí lánpháirteach i ngnóthaí an Chonartha agus bhí sí ar an dream a chuir *Casadh an tSúgáin* á léiriú ar stáitse an Ghaiety, lá mór i stair na hamharclannaíochta Gaeilge – drámaíocht nach raibh ann go dtí sin. Ghnóthaigh sí duaiseanna i gcomórtais an Oireachtais ar aistí sna blianta 1902 agus 1908: phléigh an dara haiste nualitríochtaí na hEorpa féachaint cé acu ab fhearr mar shampla ag scríbhneoirí na Gaeilge. Mar a deir Nic Congáil, is beag bean a bhí páirteach sna gcomórtais úd ag an am: formhór mór na mban a raibh Gaeilge acu ó dhúchas ní raibh léamh ná scríobh acu ach i mBéarla amháin. Intleachtóirí cathracha a thapaigh an deis, mar sin, leithéidí Norma Borthwick, Alice Milligan agus, ar ndóigh, Mháire féin. Bhunaigh Nora Borthwick agus Máiread Ní Raghallaigh an comhlacht foilsitheoireachta Muintir na Leabhar Gaeilge sa bhliain 1900, agus iadsan a d'fhoilsigh an chéad dráma ag Máire.

Scríobh Máire dhá dhráma do pháistí: *Gleann na Sidheog* (1902) agus *Sidheoga na mBláth* (1909). Tháinig *An Dúthchas* óna lámh sa bhliain (1908). Léiríodh *Cois Abhann Araglainn* ag Oireachtas 1911 ach níor foilsíodh riamh é. Foilsíodh *Scéalta ó Grimm* (aistriúchán) sa bhliain 1923. Ar na saothair eile a scríobh sí bhí *An cochall draoidheachta* (1938), *Cáit Ní Dhuibhir* (1938), dráma do chailíní, agus *Scéal an tí* (1952). D'fhoilsigh sí aistí, léirmheasanna agus aistriúcháin ón bhFrancis ar a lán irisí idir na blianta 1903 agus 1935. Bhí sí orthu siúd a bhunaigh Inghinidhe na hÉireann, compántas ar chuspóir dó dúchas na Gaeilge a mhúineadh do pháistí Bhaile Átha Cliath agus a léirigh cuid de na chéad drámaí Gaeilge.

Sa bhliain 1936 chuir sí eagar ar *Peig* agus ar *Machtnamh seana-mhná*. Máire féin agus Léan Connellan a d'áitigh ar Pheig gurbh fhiú a cuimhní cinn a bhreacadh. Ní raibh léamh ná scríobh na Gaeilge ag Peig, agus ba í Máire a scríobh scéal a beatha. Tá an ceart ag Níc Congáil, is dócha, nuair a deir sí gur tugadh an oiread sin airde ar Pheig sa churaclam ó na tríochaidí i leith go bhfuil sí ina siombail ar litríocht Ghaeilge uile na mban sa chéad chuid den fhichiú haois, rud a fhágann scríbhneoirí eile, ar nós Mháire féin, in áit na leathphingine.

Bhí scata filí léannta mná i dtraidisiún na Gaeilge, ach ní raibh samplaí próis dá gcuid féin le fáil ag scríbhneoirí mná sa saol nua. Bhain siad feidhm, mar sin, as struchtúir agus téamaí i litríocht 'bhaineann' an Bhéarla. Ach thuig Máire go raibh saol níos leithne ann: ghnóthaigh a haiste 'Nuadh-Litridheacht na nGaodhal agus Cionnus is fearr í chur chum cinn' duais in Oireachtas na bliana 1908. Dúirt sí freisin gur chóir do dhrámadóirí Gaeilge staidéar a dhéanamh ar a gceird agus tairbhe a bhaint as cineálacha coiteanna litríochta.

<sup>1</sup> Luaite in Nic Congáil, lch 203.

Ba dhuine de bhunaitheoirí Chumann na Scríbhneoirí í le linn Oireachtas 1920 agus toghadh í ina hUachtarán ar Oireachtas na Gaeilge i 1954. Rinne sí gaisce eile eile i bhfad roimhe sin nár bhain le gnóthaí scríbhneoireachta ar chor ar bith: ise ba thúisce a dúirt gur chóir leagan den iománaíocht a a bheith á imirt ag mná óga na hÉireann. Is fada an chamógaíocht á himirt le dúil agus díograis dá bharr. Fuair Máire bás sa bhliain 1967.

Drámadóir ba ea í ó cheart. Bhí cumhacht na mban neamhshaolta le feiceáil sa dá dhráma do pháistí is túisce a scríobh sí. Scéal eile is ea *An Dúthchas*: dráma teaghlaigh faoi dhrochiarsmaí an óil – ábhar a bhí ag dó na geirbe ag mórán timpeall na bliana 1900 agus ní gan chúis é. Níorbh aon Chekhov nua í Máire: tá rian na méaldrámatachta ar *An Dúthchas* agus níl sna daoine ach gnáthphearsana stáitse, ach tá Gaeilge an údair blasta go leor agus tá a fhios aici conas dráma a chur le chéile. Tá eagla ar an Máthair (duine de na príomhphearsana) go rachaidh a mac lena mheisceoir d’athair (rud a dhéanann sé i ndeireadh an dráma); anseo tá sí ag caint leis an dlíodóir Risteard, atá i ngrá léi. (Caint na Mumhan atá sa dráma; rinneadh an litriú a nuachóiriú.)

An Mháthair. — Nuair a phósas ar dtúis, ba dhóigh liom ná raibh samhail m'fhir le fáil ar dhroim an domhain, bhí sé chomh deas fearúil grámhar san agus ba dhóigh liom ná raibh sa domhan mhór bean chomh hádhmharach agus chomh sásta liom féin (*cuireann Risteárd a aghaidh i bhfolach idir a dhá lámh acht ní thugann sise fé ndeara é*). Ní rabhas i bhfad pósta, áfach, nuair a fuairas amach an rud ná raibh aon choinne agam leis — an rud do loit an chuid eile dem' shaol — agus dá shaol féin chomh maith céadna —

Risteard. — Agus b'é an rud é?

An Mháthair. — Go raibh greim chomh láidir sin ag deamhan an ólacháin ar m' fhear pósta gur beag leis a bhean ná a naíonán, a chlú ná a ainm, sea agus a Dhia féin, nuair do fuair an rud so greim air i gcomórtas leis. Dochtúir leighis ab ea é, mar is eol duit, agus bhí an-iontaoibh ag na daoine breoite as. Bhí sé ag tuilleamh roinnt mhaith airgid sa bhliain agus is deacair a rá cá stadfadh sé, munab é an mí-ádh a bhí air.

\* Ní Chinnéide, Máire (1878–1967), *Ainm.ie*: <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=2173>

\* Ríona Nic Congáil: “‘Some of you will curse her’”: Women’s Writing during the Irish-Language Revival’. *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*, Vol. 29, (2009), pp. 199-222. [http://www.academia.edu/1898254/Some\\_of\\_you\\_will\\_curse\\_her\\_Womens\\_Writing\\_during\\_the\\_Irish-Language\\_Revival](http://www.academia.edu/1898254/Some_of_you_will_curse_her_Womens_Writing_during_the_Irish-Language_Revival)

\* Máire Ní Chinnéide, *An Dúthchas* (1908) [http://research.dho.ie/fng/index.php?fng\\_file=NL565.TXT&fng\\_function=1](http://research.dho.ie/fng/index.php?fng_file=NL565.TXT&fng_function=1)

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leagan simplithe

### Cartagrafaiithe<sup>2</sup>

Rinne cartagrafaiithe Eilíseacha<sup>3</sup> agus Seacaibíteacha<sup>4</sup> in Éirinn léarscáileanna chun go bhféadfadh rialtas Shasana an tír a shealbhú. Ach tá na léarscáileanna go hálainn: tá coillte agus lochanna iontu, sléibhte agus portaigh, caisleáin, crannóga, mainistreacha, botháin, báid agus longa.

Bhí Francis Jobson agus Richard Bartlett ar<sup>5</sup> na cartagrafaiithe sin. Tar éis éirí amach i nDeasmhumhan b'éigean na tailte coigistithe<sup>6</sup> a thomhas. Bhí Jobson ar an suirbhéirí a rinne an obair sin. As sin a tháinig an léarscáil is iomráití<sup>7</sup> a rinne Jobson riamh: 'The Province of Munster' (1589).

Bhí gá leis ina dhiaidh sin i gCúige Uladh. Níor mhór an fháilte a bhí roimhe i measc na nGael - 'a most savage and rebellious people' mar a scríobh Jobson, 'from whose cruelty God only by his divine power delivered me being every hour in danger to lose my head'. Rinne sé léarscáil álainn ann: 'The province of Ulster' (1590).

Is mó an clú atá ar Richard Bartlett ná ar Jobson. Is beag eolas atá againn ar shaol Bartlett. Deirtear gur in Norfolk in East Anglia a rugadh é, agus chaith sé tamall sa Spáinn. Is minic a rinne sé léarscáileanna mar áiseanna míleata,<sup>8</sup> ach tá siad an-suimiúil iontu féin. I nGaeilge atá 80% dá chuid téarmaíochta. Sa tuaisceart a fuair Bartlett bás. Deirtear gur baineadh an ceann de i gCúige Uladh - 'the inhabitants took off his head, because they would not have their country discovered'.

### Máire Ní Chinnéide

Is beag aird a tugadh riamh ar scríbhneoirí mná na hAthbheochana. Ní chuimhnítear ar Mháire Ní Chinnéide, drámadóir agus gearscéalaí, agus a leithéidí eile.<sup>9</sup> D'fhoilsigh Riona Nic Congáil páipéar ar an ábhar seo sa bhliain 2009. Deir sí go moltaí leithéidí Mháire as an nGaeilge a chur chun cinn, ach nach mbíodh suim ag na léirmheastóirí ina saothar. Is mó an tsuim atá ag Nic Congáil iontu mar náisiúnaigh chultúrtha agus iad ag iarraidh cúrsaí sóisialta agus oideachais a fheabhsú.

Rugadh Máire i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1878. Chuaigh sí go dtí coláiste do mhná a raibh fonn orthu céim a fháil ón Ollscoil Ríoga. Bhain sí amach BA sa Nua-Litríocht sa bhliain 1900, agus fuair sí an chéad scoláireacht a thug an Ollscoil Ríoga sa 'Cheiltis'. Chuaigh sí isteach i gConradh na Gaeilge. Ón mbliain 1903 amach bhí sí ina hOllamh le Gaeilge.

Bhí sí lánpháirteach ina dhiaidh sin i ngnóthaí an Chonartha. Bhí suim aici san amharclannaíocht<sup>10</sup> Ghaeilge agus ghnóthaigh sí duaiseanna san Oireachtas ar a haistí. Ní raibh léamh agus scríobh na Gaeilge ag mórán ban sa Ghaeltacht. Dá bhrí sin bhí intleachtóirí cathrach<sup>11</sup> chun tosaigh mar scríbhneoirí. Scríobh Máire dhá dhráma do pháistí, agus d'fhoilsigh sí aistí, léirmheasanna agus aistriúcháin.

Sa bhliain 1936 chuir sí eagar ar scéalta Peig Sayers. Deir Ní Congáil gur tugadh an oiread sin airde ar Pheig sa churaclam gur fágadh scríbhneoirí mná eile, ar nós Mháire féin, in áit na leathphingine.<sup>12</sup>

Bhí filí léannta mná i dtraidisiún na Gaeilge, ach ní raibh samplaí próis dá gcuid féin le fáil ag mná nua-aimseartha. Bhain siad feidhm, mar sin, as litríocht 'bhaineann' an Bhéarla mar shampla. Rud

<sup>2</sup> Cartagrafaiithe - cartographers

<sup>3</sup> Eilíseach - Elizabethan

<sup>4</sup> Seacaibíteach - Jacobean

<sup>5</sup> Ar - among

<sup>6</sup> Tailte coigistithe – confiscated lands

<sup>7</sup> Is iomráití – most famous

<sup>8</sup> Áiseanna míleata – military aids

<sup>9</sup> A leithéidí eile – others like her

<sup>10</sup> Amharclannaíocht - theatre

<sup>11</sup> Intleachtóirí cathrach – urban intellectuals

<sup>12</sup> In áit na leathphingine – at a disadvantage

nua ar fad ba ea an drámaíocht i saol na Gaeilge, agus i measc drámaí Mháire tá An Dúchas (1908), dráma faoi dhrochiarsmaí an óil – ábhar a bhí ag dó na geirbe ag<sup>13</sup> mórán daoine timpeall na bliana 1900. Tá rian na méaldrámatachta air agus tá na carachtair simplí go leor: ach tá an Ghaeilge go maith ag an údar agus tá a fhios aici conas dráma a chur le chéile.

Rinne sí gaisce eile: dúirt sí gur chóir cluiche ar nós na hiománaíochta a bheith ag mná óga. Dá bhri sin cuireadh an chamógaíocht ar bun. Fuair Máire bás sa bhliain 1967.

---

<sup>13</sup> Ag dó na geirbe ag - troubling